



Suí iomlánach

A9-0044/2022

16.3.2022

TUARASCÁIL

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn I – Parlaimint na hEorpa (2021/2107(DEC))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Daniel Freund

CLÁR

Leathanach

1. PROPOSAL FOR A EUROPEAN PARLIAMENT DECISION.....	3
2. MOTION FOR A EUROPEAN PARLIAMENT RESOLUTION.....	5
ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT	40
INFORMATION ON ADOPTION IN COMMITTEE RESPONSIBLE.....	41
FINAL VOTE BY ROLL CALL IN COMMITTEE RESPONSIBLE	42

1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn I – Parlaimint na hEorpa (2021/2107(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020¹,
- ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 (COM(2021)0381 – C9 0259/2021)²,
- ag féachaint don tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais 2020, Roinn I – Parlaimint na hEorpa³,
- ag féachaint do thuarascáil bhliantúil an Iniúcháir Inmheánaigh don bhliain airgeadais 2020,
- ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020, maille le freagraí na n-institiúidí⁴,
- ag féachaint don ráiteas dearbhaithe⁵ i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2020, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint d’Airteagal 314(10) agus Airteagal 318 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012⁶, agus go háirithe Airteagail 260, 261 agus 262 de,
- ag féachaint do chinneadh ón mBiúró an 10 Nollaig 2018 maidir leis na Rialacha Inmheánacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad Parlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 34 de,

¹ IO L 57, 27.2.2020.

² IO C 436, 28.10.2021, lch. 1.

³ IO C 281, 13.7.2021, lch. 1.

⁴ IO C 430, 25.10.2021, lch. 7

⁵ IO C 436, 28.10.2021, lch. 207.

⁶ IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

- ag féachaint do Rialacha 100 agus Rialacha 104(3) dá Rialacha Níos Imeachta agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann leo,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0044/2022),
- A. de bhrí gur ghlac an tUachtarán cuntais Pharlaimint na hEorpa don bhliain airgeadais 2020 an 9 Meitheamh 2021;
- B. de bhrí gur thug an tArd-Rúnaí, mar an príomhoifigeach údarúcháin trí tharmligean, dearbhú réasúnach, an 25 Meitheamh 2021, gur úsáideadh na hacmhainní a sannadh do bhuiséad Pharlaimint na hEorpa chun na críche a bhí beartaithe, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, agus go dtugann na nósanna imeachta rialaithe a bunaíodh na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart;
- C. de bhrí gur luaigh an Chúirt Iniúcháirí san iniúchadh uaithi nár aimsigh sí, sa mheasúnú sonrach a rinne sí ar an gcaiteachas riaracháin agus caiteachas eile in 2020, aon laigí tromchúiseacha i dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí a scrúdaigh sí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046;
- D. de bhrí go gceanglaítear le hAirteagal 262(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ar gach institiúid de chuid an Aontais gach céim iomchuí a ghlacadh chun gníomhú de bhun na mbarúlacha a ghabhann leis an gcinneadh maidir le hurscaoileadh ó Pharlaimint na hEorpa;
1. ag deonú urscaoileadh dá hUachtarán i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Pharlaimint na hEorpa don bhliain airgeadais 2020;
 2. ag leagan amach a cuid barúlacha sa rún anseo thíos;
 3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúcháirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

2. TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn I – Parlaimint na hEorpa (2021/2107(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don chinneadh uathí maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn I – Parlaimint na hEorpa,
 - ag féachaint do Rial 100 agus Rial 104(3) dá Rialacha Nós Imeachta agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann leo,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0044/2022),
- A. de bhrí gur thug oifigeach cuntasáíochta Parlaimint na hEorpa ('an Parlaimint') dearbhú réasúnach, ina dheimhniú ar na cuntais deiridh, go léiríonn na cuntais go cothrom, i ngach gné ábhartha, an staid airgeadais, torthaí na n-oibríochtaí agus sreabhadh airgid na Parlaiminte;
- B. de bhrí, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, gur seoladh 191 cheist chuig lucht riaracháin na Parlaiminte agus go bhfuair an Coiste um Rialú Buiséadach sa Parlaimint freagraí i scríbhinn orthu agus gur phléigh sé go poiblí iad, os comhair an leasuachtaráin atá freagrach as an mbuiséad, an Ard-Rúnaí, stiúrthóir an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (an 'tÚdarás') agus an iniúchóra inmheánaigh;
- C. de bhrí go bhfuil deis ann i gcónaí feabhas a chur ar bhainistiú an airgeadais phoiblí ó thaobh na cáilíochta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta de, tá gá le grinnscrúdú chun a áirithiú go mbeidh na ceannairí polaitiúla agus lucht riaracháin na Parlaiminte freagrach do shaoránaigh an Aontais;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais na Parlaiminte

1. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh na Parlaiminte don bhliain 2020 agus EUR 2 038 745 000, nó 18,1 % de cheannteideal V den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil⁷ a cuireadh i leataobh do chaiteachas riaracháin 2020 institiúidí an Aontais ina n-iomláine, arb ionann é agus méadú 2,1 % ar bhuiséad 2019 (EUR 1 996 978 262), ach ag an am céanna arb laghdú 0.4 % é ina sciar coibhneasta sa bhuiséad foriomlán;
2. ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 203 449 523 an t-ioncam iomlán a iontráladh sna cuntais amhail an 31 Nollaig 2020 (i gcomparáid le EUR 207 521 070 in 2019), lena n-

⁷ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

áirítear EUR 33 567 305 d'ioncam sannta (i gcomparáid le EUR 36 566 236 in 2019);

3. ag cur béim ar an bhfioras gur i gceithre chaibidil a bhí 67,6 % de na leithreasuithe iomlána faoi chomhair gealltanais: Caibidil 10 (Comhaltaí na hinstitiúide), Caibidil 12 (Oifigigh agus foireann shealadach), Caibidil 20 (Foirgnimh agus costais ghaolmhara) agus Caibidil 42 (Caiteachas a bhaineann le cúnamh parlaiminteach), rud a léiríonn gur beag athrú atá déanta ar mhórchuid de chaiteachas na Parlaiminte;
4. ag tabhairt dá haire gur dúnadh cuntais na Parlaiminte don bhliain airgeadais 2020 ar bhonn na bhfigiúirí seo a leanas:

(a) Leithreasuithe atá ar fáil (EUR)	
leithreasuithe le haghaidh 2020:	2 038 745 000
leithreasuithe arna dtabhairt anonn go neamh-uathoibríoch ón mbliain airgeadais 2019:	---
leithreasuithe arna dtabhairt anonn go huathoibríoch ón mbliain airgeadais 2019:	274 260 660
leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don ioncam sannta le haghaidh 2020:	33 567 305
leithreasuithe arna dtabhairt anonn a chomhfhreagraíonn don ioncam sannta ó 2019:	32 413 449
Iomlán:	2 378 986 414
(b) Úsáid na leithreasuithe sa bhliain airgeadais 2020 (EUR)	
gealltanais:	2 258 910 984
íocaíochtaí a rinneadh:	1 862 291 046
leithreasuithe arna dtabhairt anonn go huathoibríoch, lena n-áirítear iad siúd a thagann as ioncam sannta:	395 843 062
leithreasuithe arna dtabhairt anonn go neamh-uathoibríoch:	74 900 000
leithreasuithe a cuireadh ar ceal:	44 577 406
(c) Fáltais bhuiséadacha (EUR)	
faighte in 2020:	203 449 523
(d) Clár comhardaithe iomlán amhail an 31 Nollaig 2020 (EUR)	1 690 096 152

5. á chur i bhfios gur gealladh 95,7 % de na leithreasuithe a cuireadh isteach i mbuiséad na Parlaiminte, arbh ionann é agus EUR 1 950 750 955, agus go raibh ráta cealaithe 0,8 %

ann; ag tabhairt dá haire le teann sásaimh gur baineadh amach, mar a baineadh amach sna blianta roimhe sin, leibhéal an-ard ó thaobh chur chun feidhme an bhuiséid de; ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 1 590 035 012 méid iomlán na n-íocaíochtaí, rud a d'fhág go raibh ráta forghníomhaithe 81,5 % ann le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

6. á chur i bhfios go láidir gur le foirgnimh, táirgeadh agus scaipeadh, pá, ríomhaireacht agus teileachumarsáid is mó a bhain na leithreasuithe don bhliain 2020 a cuireadh ar ceal, arbh ionann agus EUR 17 292 007 iad;
7. ag tabhairt dá haire gur formheasadh, i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 49 den Rialachán Airgeadais, dhá aistriú dhéag sa bhliain airgeadais 2020, arbh ionann iad agus EUR 183 933 785 nó 9 % de na leithreasuithe deiridh; ag tabhairt faoi deara gur le beartas foirgneamh na Parlaiminte a bhain 76,4 % de na cistí a aistríodh agus gur úsáideadh an chuid is mó díobh chun foirgneamh Wiertz a cheannach agus le haghaidh na n-íocaíochtaí bliantúla a bhaineann le tionscadal tógála Adenauer II;

Tuairimí na Cúirte Iniúchóirí ar iontaofacht chuntais 2020 agus ar dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin

8. á mheabhrú go ndéanann an Chúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') measúnú sonrath ar an gcaiteachas riaracháin agus caiteachas eile mar ghrúpa aonair beartas d'institiúidí uile an Aontais; á thabhairt chun suntais gur cuid den chaiteachas riaracháin agus gaolmhar an caiteachas ar acmhainní daonna (tuarastail, liúntais agus pinsin), arb ionann é agus 60 % den iomlán, agus an caiteachas ar fhoirgnimh, trealamh, fuinneamh, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise;
9. ag tabhairt dá haire go léiríonn fianaise an iniúchta ar an iomlán nach mbíonn tionchar ag leibhéal ábhartha earráide ar an gcaiteachas ar riarachán;
10. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar inní, gur shuigh an Chúirt, sa tuarascáil bhliantúil uaithi ar chur chun feidhme an bhuiséid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2020, go ndearnadh earráidí in dhá íocaíocht: ró-íocaíocht i leith seirbhísí TF de bharr nár cuireadh téarmaí conartha i bhfeidhm i gceart agus (ii) liúntas cothaithe a íocadh go mícheart le Feisire, tar éis botún i liosta tinrimh; á chur in iúl gurb oth léi nár choisc ná nár bhraith an córas rialaithe atá i bhfeidhm na botúin sin; á iarraidh ar an bParlaimint míniú a thabhairt ar an gcaoi ar tháinig na botúin sin chun cinn agus ar na bearta a rinneadh chun iad a cheartú agus a áirithiú nach féidir leo tarlú arís amach anseo agus a áirithiú nach n-íocfaidh sé ach liúntais laethúla le Feisirí a cháilíonn dóibh faoi dheireadh 2022;
11. ag tabhairt dá haire gur thug an Pharlaimint freagra i nós imeachta na sáraíochta inar glacadh le moladh na Cúirte; ag tabhairt dá haire gur sheol an Pharlaimint tionscadal in 2019 chun clárú an tinrimh a uathobriú trí theicneolaíocht bhithmhéadrach sa chlár lárnach tinrimh agus sna seomraí parlaiminteacha, agus go raibh sé mar aidhm leis an teicneolaíocht sin deireadh a chur le botúin agus a áirithiú nach bhfaigheadh ach na Feisirí atá ina theideal an liúntas cothaithe laethúil i ndáiríre; á chur in iúl gurb oth léi gur cuireadh moill ar an tionscadal mar gheall ar phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire go ndearna lucht riaracháin na Parlaiminte, de réir an tsainordaithe a fuair sé ó Bhiúró na Parlaiminte, conradh don tionscadal sin a shíniú ag deireadh 2020, agus, anuas air sin, go bhfuil moltaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a fuarthas ag

deireadh mhí an Mhárta 2021 á measúnú ag rialaitheoir sonraí na Parlaiminte faoi láthair;

12. ag cur béim ar an bhfioras go ndearna an Chúirt scrúdú níos mine ar nósanna imeachta soláthair phoiblí Institiúidí an Aontais maidir le trealamh cosanta pearsanta a cheannach dá bhfoireann in 2020; ag tabhairt dá haire gur sheiceáil an Chúirt trí nós imeachta soláthair a d'eagraigh an Pharlaimint chun maisc chosanta, brathadóirí teochta agus tástálacha COVID-19 a cheannach; á chur i bhfios go láidir go raibh soláthar práinneach an trealamh ag tús phaindéim COVID-19 dúshlánach mar gheall ar an ardú ar an éileamh agus ar an iomaíocht idir údaráis chonarhacha agus tíortha; ag tabhairt dá haire gur shuigh an Chúirt, i gcás amháin a bhain le ceannach masc fabraice, go raibh na ceanglais a leag an Pharlaimint síos sna sonraíochtaí tairisceana róleathan chun go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh, agus nár chuir na tairgeoirí ar éirigh leo fianaise iomlán san áireamh ina dtairiscint gur comhlíonadh na híoscheanglais cháilíochta uile tráth an chonartha, amháil fianaise a bhain le comhlíonadh na sonraíochtaí teicniúla nó marthanacht na masc;

An tuarascáil bhliantúil ón iniúchóir inmheánach

13. ag tabhairt dá haire, ag an gcrúinniú idir an coiste freagrach agus an t-iniúchóir inmheánach a tionóladh an 30 Samhain 2021, gur chuir an t-iniúchóir inmheánach an tuarascáil bhliantúil uaidh i láthair agus gur chuir sé síos ar na hiniúchtaí dearbhaithe a rinne sé agus gur thug sé tuairisc orthu, iniúchtaí a bhain leis na hábhair seo a leanas in 2020:
 - iniúchadh ar ghrúpaí cuairteoirí (Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AS COMM));

iniúchadh ar mhaoiniú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (Ard-Stiúrthóireacht an Airgeadais (AS FINS));
 - an dara tuarascáil ar iniúchadh na gcóras faisnéise: bainistiú céannachta agus rochtana (AS IPOL, AS FINS, AS LINC, AS TRAD agus AS ITEC);
 - réamh-athbhreithniú ar chreat cosanta sonraí na Parlaiminte;
 - obair leantach ar na gníomhaíochtaí oscailte ó na tuarascálacha ar an iniúchóireacht inmheánach – céimeanna 1 agus 2 de 2020.
14. á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí seo a leanas ar tháinig an t-iniúchóir inmheánach ar chomhaontú fúthu leis na hArd-Stiúrthóireachtaí atá freagrach, mar thoradh ar na cúraimí dearbhaithe, agus go dtacaíonn sí leo:
 - maidir leis an iniúchadh ar ghrúpaí cuairteoirí, cur leis an gcinnteacht a bhaineann le rialtacht na n-íocaíochtaí agus cur chun feidhme éifeachtúil na rialacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais, lena n-áirítear sainmhínte níos fearr ar na costais incháilithe agus ar na coinníollacha maidir lena n-íoc agus an tréimhse incháilitheachta do gach cuairt; a chinntiú go bhfuil an ranníocaíocht agus na costais iarbhír a bhaineann go díreach leis an gcuairt i gcomhréir níos mó le chéile; bailchríoch a chur ar na rialuithe *ex post* do 2017 agus clár rialaithe bliantúil a thionscnamh do na blianta go léir ina dhiaidh sin, agus na rialuithe *ex ante* maidir

le haisíocaíochtaí a threisiú; oibleagáidí na ngníomhaireachtaí taistil i leith na Parlaiminte a dhaingniú de réir conartha, nuair a ghníomhaíonn siad mar cheannairí grúpaí; soiléiriú a thabhairt ar na rialacha lena rialaítear grúpaí cuairteoirí chun an baol atá ann go gcuirfí an ranníocaíocht airgeadais i leith gníomhaíochtaí nach bhfuil nasctha go díreach le clár an ghrúpaí cuairteoirí a mhaolú;

- maidir leis an gcéad chéim den iniúchadh ar mhaoiniú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, a aithint go raibh acmhainní an-teoranta ag an Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ('an tÚdarás') nuair a bunaíodh é chun nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe nua a chur ar bun; de bhrí go bhfuil comhréimsí freagrachta ann fós idir an tÚdarás agus AS FINS nó trasnaíl idir na réimsí freagrachta sin a fhágann gur féidir tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar dá bhforáiltear sa phríomhreachtaíocht lena rialaítear an próiseas clárúcháin, i.e. Rialachán (AE) 1141/2014⁸ agus go háirithe Airteagal 28 de; roinnt forálacha a shainaithe lena rialaítear an próiseas clárúcháin sa Rialachán a fhágann go bhféadfaí feabhas a chur ar shoiléireacht, cuimsitheacht agus simplíocht an fheidhmchláir;
 - maidir leis an dara tuarascáil ar iniúchadh na gcóras faisnéise: bainistiú céannachta agus rochtana, íoslaghdú iomlán a dhéanamh ar sholáthar na gceart rochtana faoi phribhléid ar bhunachar sonraí an fheidhmchláir sa timpeallacht táirgeachta; na rialuithe rochtana ar bhunachair sonraí na bhfeidhmchlár agus na cuntais feidhmchlár-go-feidhmchlár a neartú; bainistiú na gceart rochtana aonair a neartú chun rialacha rialaithe rochtana a shainiú agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar chearta rochtana aonair;
 - maidir leis an réamh-athbhreithniú ar chreat cosanta sonraí na Parlaiminte, a glacadh an 17 Feabhra 2021, cur le cumas na rialaitheoirí sonraí Rialachán (AE) 2018/1725⁹ a chomhlíonadh, agus feasacht a mhéadú i measc na ndaoine ar an bhfoireann a phróiseálann sonraí pearsanta; a áirithiú go mbeidh a dóthain foirne ag an tseirbhís cosanta sonraí; a áirithiú go ndéanfar nuashonrú práinneach ar chlár lárnach gníomhaíochtaí próiseála na Parlaiminte a bhíonn ag déileáil le sonraí pearsanta; feabhas a chur ar leibhéal slándála na gcóras TF lena ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil; feabhas a chur ar bhainistiú bhaint na rochtana;
15. ag tabhairt dá haire gur cuireadh clabhsúr ar 61 cheann de na 108 ngníomhaíocht oscailte mar thoradh ar phróiseas leantach 2020; ag tabhairt dá haire, sa bhreis ar na gníomhaíochtaí bailíochtaithe sin, go raibh 47 ngníomhaíocht oscailte san iomlán ann ó thuarascálacha iniúchóireachta, lena n-áirítear iad siúd nár cuireadh chun feidhme go fóill, agus go dtugtar aghaidh ar riosca suntasach le 15 cinn de na gníomhaíochtaí sin; á chur in iúl gurb oth léi gur moladh roinnt de na gníomhaíochtaí thuasluaite roinnt blianta

⁸ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 4.11.2014, lch. 1).

⁹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

ó shin ach nár cuireadh chun feidhme go fóill iad; ag dréim leis go ndéanfaidh na hardstiúrthóireachtaí éagsúla a áirithiú go ndúnfar na gníomhaíochtaí déanacha sin gan a thuilleadh moille agus go gcuirfear na gníomhaíochtaí comhaontaithe chun feidhme i gcomhréir leis na dátaí dlite a leagtar síos sa tuarascáil bhliantúil ón iniúchóir inmheánach; á iarraidh ar an Ard-Rúnaí tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na gníomhaíochtaí atá fágtha a thabhairt chun críche le linn a chuid éisteachtaí sa Choiste um Rialú Buiséadach sa Pharlaimint i mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2022;

16. ag tabhairt dá haire, de bhun Airteagal 118(9) den Rialachán Airgeadais, nach mbíonn na tuarascálacha ar an iniúchóireacht inmheánach ón bParlaimint ar fáil don phobal a luaithe a bhíonn siad curtha i gcrích ag an iniúchóir inmheánach; ag tabhairt dá haire nach bhfoilsítear iad de ghnáth go dtí go mbíonn na moltaí go léir curtha chun feidhme; á chur in iúl gurb oth léi go mbíonn moill *de facto* ar a bhfoilsíú ar feadh roinnt blianta mar thoradh air sin; á chur in iúl gurb oth léi freisin nach féidir leis na Feisirí iad a léamh ach amháin sa seomra léitheoireachta daingean a fhad is nach bhfuil na bearta a moladh curtha chun feidhme; á iarraidh ar an mBiúró rochtain iomlán agus láithreach ar na tuarascálacha ar an iniúchóireacht inmheánach a thabhairt do na Feisirí; á iarraidh ar an mBiúró freisin gach tuarascáil ar an iniúchóireacht inmheánach a chur ar fáil don phobal aon bhliain amháin tar éis a cur i gcrích, a luaithe a bheidh na gníomhaíochtaí a rinneadh chun moltaí na bliana roimhe sin a chur chun feidhme bailíochtaithe ag an iniúchóir inmheánach; á mheabhrú nach gá go mbeadh na moltaí uile curtha chun feidhme ina n-iomláine chun go ndéanfaí na moltaí a bhailíochtú;

Obair leantach lucht riaracháin na Parlaiminte agus an Bhiúró ar rúin roimhe sin maidir le hurscaoileadh

17. ag tabhairt dá haire gur cuireadh freagraí i scríbhinn ar rún 2019 maidir le hurscaoileadh ar fáil don Choiste um Rialú Buiséadach sa Pharlaimint an 17 Meán Fómhair 2021, agus go ndearna an tArd-Rúnaí cur i láthair inar tugadh aghaidh ar na ceisteanna agus na hiarrataí éagsúla a tarraingíodh anuas sa rún ón bParlaimint maidir le hurscaoileadh le haghaidh 2019 agus sa mhalartú tuairimí leis na Feisirí ina dhiaidh;
18. ag tabhairt dá haire go ndéanfaidh an Biúró agus lucht riaracháin na Parlaiminte, de bhun Rial 25 de na Rialacha Nós Imeachta agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann leo agus Airteagal 6 agus Airteagal 166 den Rialachán Airgeadais, na glaonna ar rialacha nó bearta difriúla atá le cur chun feidhme ag an bParlaimint a phlé agus vótáil orthu, a luaithe a iarrfar sin sa Suí Iomlánach; ag tabhairt dá haire go bhfuil sainordú tugtha don Bhiúró sa Seisiún Iomlánach cinneadh a dhéanamh maidir le gach ábhar riaracháin, foirne agus eagrúcháin a bhaineann leis na Feisirí; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an nós imeachta um urscaoileadh agus á iarraidh go ndéanfaí obair leantach ar gach cinneadh maidir le hurscaoileadh a glacadh sa Suí Iomlánach;
19. á iarraidh ar an Ard-Rúnaí an rún seo a chur ar aghaidh chuig an mBiúró, agus aird á tabhairt aige ar na hiarrataí ar fad go ndéanfaidh an Biúró gníomhaíocht nó cinntí; á iarraidh ar an Ard-Rúnaí plean gníomhaíochta a bhunú mar aon le hamchlár lenar féidir leis an mBiúró obair leantach a dhéanamh agus/nó freagairt do na héilimh agus na moltaí atá sna rúin ón bParlaimint maidir le hurscaoileadh agus na gníomhaíochtaí a rinneadh agus a cuireadh chun feidhme a chur san áireamh sa doiciméad bliantúil faireacháin; á

iarraidh ar an Ard-Rúnaí agus ar an Leas-Uachtarán atá freagrach as an mbuiséad plé rialta a dhéanamh le Coiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bplean gníomhaíochta sin a chur chun feidhme;

20. ag athdhearbhú a hiarrata ar an mBiúró trédhearcacht a chuid cinnteoireachta a fheabhsú, lena n-áirítear trí thuairisc rialta a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le gach cinneadh arna dhéanamh sa seisiún iomlánach nár chuir sé chun feidhme agus réasúnú mionsonraithe a thabhairt leis an bhfáth ar chinn sé gan an iarraidh a chur chun feidhme; á iarraidh ar an Ard-Rúnaí sraith nithiúil tograí a chur faoi bhráid an Bhiúró d'fhonn trédhearcacht a chuid cinnteoireachta a fheabhsú;
21. á iarraidh ar an lucht riaracháin féachaint ar mhiontuairiscí an Bhiúró a fhorghnóthas i nós imeachta i scríbhinn chun moill *de facto* mí amháin ar a laghad ar a bhfoilsíú a chosc go dtí go dtiocfaidh an Biúró le chéile arís chun na miontuairiscí a fhorghnóthas, agus a luaithe is a ghlacfar na miontuairiscí go mbeidís inrochtana gan mhoill ar shuíomhanna inlín agus idirlín na Parlaiminte;
22. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé mar aidhm ag oifigigh na Parlaiminte i dtoscaireachtaí an Aontais nó i gcomhlachtaí eile caidreamh na Parlaiminte le heagraíochtaí réigiúnacha a neartú; ag athdhearbhú, áfach, gur cúis bhuartha di an cinneadh ón mBiúró an 11 Feabhra 2019 maidir le tacaíocht pharlaiminteach do Mhisean an Aontais Eorpaigh chuig ASEAN i Iacarta, do Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an Aontas Afracach in Ádis Ábeba agus do Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac; á iarraidh go ndéanfaí anailís chríochnúil costais is tairbhe, a bheadh mar údar le haon chinneadh nua, go mbeadh tascairí intomhaiste ann chun feidhmíocht bhliantúil a mheasúnú, agus go gcoinneofaí an Coiste um Rialú Buiséadach de chuid na Parlaiminte ar an eolas;

COVID-19

23. á mheabhrú go raibh an bhliain 2020 faoi thionchar na ndúshlán a tháinig as paindéim COVID-19, agus go ndearnadh athruithe bunúsacha ar mhodh oibre na Parlaiminte dá bharr sin; á chur in iúl gur geal léi gur minic a rinne an Pharlaimint, ag tús na paindéime agus lena linn, cinntí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin a raibh sé mar aidhm leo an baol do na Feisirí agus don fhoireann a íoslaghdú agus gur áirithigh an Pharlaimint san am céanna go mbeadh sí fós in ann leanúint dá cuid príomhghníomhaíochtaí, agus dlúthpháirtíocht phraiticiúil a léiriú leis na pobail óstacha freisin;
24. á chur in iúl gur geal léi an fíoras gur bunaíodh ionad tástála COVID-19 in áitreabh na Parlaiminte sa Bhruiséil in 2020, agus gur cruthaíodh saoráidí tástála i Lucsamburg agus in Strasbourg freisin;
25. á chur in iúl gur geal léi go raibh an Pharlaimint in ann an méid sin thuas a áirithiú tríd an teacht aniar atá inti mar eagraíocht agus tríd an gcumas atá inti modhanna nua oibre a chur i bhfeidhm, go háirithe an teile-obair agus an rannpháirtíocht chianda;
26. á chur in iúl gur mór aici na hiarrachtaí suntasacha a rinne an Pharlaimint agus a seirbhísí TF le linn 2020 chun gléasanna leictreonacha a chur ar fáil láithreach do na Feisirí, don fhoireann, do chúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe (APAnna) agus d'oiliúnaithe chun cianobair a dhéanamh; á iarraidh, áfach, go mbeadh a fhios aici cé na critéir cheannaigh

do na gléasanna agus cad iad na cúinsí praiticiúla a raibh tionchar acu ar an gcinneadh na gléasanna dromchla atá in úsáid faoi láthair a cheannach; á chur i bhfios go láidir gur cúis bhuartha di méid na bhfadhbanna teicniúla a bhain leis na gléasanna sin i measc na bhFeisirí agus APAnna, amhail dícheangal tobann, doiciméid chaillte, róthéamh, cumas gearr ceallraí, agus drochnascacht le linn fisghlaonna;

27. á chur in iúl gurbh oth léi an staid ina raibh oiliúnaithe Schuman le seal oiliúna ó mhí an Mhárta go mí Iúil 2020, a bhí ag teilea-obair ón dara seachtain ar aghaidh dá seal oiliúna; ag tabhairt dá haire gur thug an Coimisiún agus an Chomhairle an rogha dá n-oiliúnaithe fillleadh i mí Dheireadh Fómhair chun tús a chur athuair le tréimhse oiliúna iomlán 5 mhí; á chur in iúl gurbh oth léi cinneadh Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra gan an rogha sin a thabhairt d'oiliúnaithe Schuman ach amháin i gcás inar chuir siad deireadh luath leis an intéirneacht a bhí ar siúl acu ag an uair; á iarraidh ar Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra a áirithiú go gcaitear go cothrom leis na hoiliúnaithe i gcásanna den chineál céanna;
28. á chur in iúl gur geal léi gur áiríodh sna próisis dhigitithe eagrú cruinnithe cianda agus córais cianvótála i gcoistí iomlánacha agus parlaiminteacha, a chuir ar chumas na Parlaiminte leanúint dá cuid oibre, lena n-áirítear le linn na bpáirtseisiún in Strasbourg a cuireadh ar fionraí don chuid is mó de 2020; ag tabhairt dá haire gur rannchuidigh fionraí na bpáirtseisiún in Strasbourg le coigilteas iomlán de EUR 26 260 608 a bhaint amach de réir Ard-Rúnaíocht na Parlaiminte agus lorg carbóin na Parlaiminte á laghdú go suntasach freisin; ag aithint gur de chineál sealadach na himthosca urghnácha sin; á iarraidh ar an Uachtarán rannpháirtíocht chianda na bhFeisirí a cheadú mar rogha go dtí go mbeidh paindéim COVID-19 faoi smacht;
29. á chur in iúl gur geal léi an fíoras, i dtaca leis an rannpháirtíocht chianda, gur cuireadh, laistigh de chúpla seachtain, réiteach casta ilteangach chun feidhme a mbeadh míonna, nó fiú blianta, ag teastáil lena aghaidh de ghnáth; á thabhairt chun suntais gur cruthaíodh córas cianvótála i gcomhréir le forálacha ábhartha na hIonstraime Toghdhán agus Reacht na bhFeisirí, agus go ndearnadh uasghrádú ar an gcóras sin agus gur cuireadh feabhas air go leanúnach, córas atá i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2020; á chur in iúl gur geal léi an fíoras go rabhthas in ann, a bhuíochas leis an gcóras vótála sin, ó mhí an Mhárta go mí Dheireadh Fómhair 2020, 143 sheisiún vótála agus beagnach 10 000 oibríocht vótála a réachtáil;
30. á chur i bhfáth go raibh baol tromchúiseach ann go mbeadh fadhbanna éisteachta ag ateangairí na Parlaiminte mar thoradh ar an athrú go cianchruinnithe toisc go raibh orthu a brath ar cháilíocht fuaimne a bhíonn an-lag go minic ó idirghabhálacha cianda; á chur i bhfios go láidir go ndearna na hateangairí iarrachtaí ina leith sin agus á iarraidh ar an mBiúró a chur i gcuimhne do na rannpháirtithe trealamh labhartha leordhóthanach a úsáid chun cur isteach agus droch-chaighdeán an cheangail a tharlaíonn uaireanta a íoslaghdú; á mheabhrú go bhfuil diúltaithe ag ateangairí san am a chuaigh thart ateangaireacht a dhéanamh i gcás nach raibh cáilíocht na fuaimne maith go leor;
31. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an ateangaireacht rithábhachtach d'fheidhmiú na gcoistí agus do shaol na Parlaiminte; á aithint go raibh ar an lucht riarachán teacht ar réitigh indéanta go tapa chun seirbhísí ateangaireachta a sholáthar de bharr na n-athruithe tobanna suaiteacha a tharla mar thoradh ar an bpaindéim agus ar na srianta sláintíochta a d'eascair aisti; á chur i bhfáth nach raibh na teangacha go léir a bhí ag teastáil ar fáil ag

roinnt seisiún coiste, rud a d'fhág go raibh sé níos casta do roinnt de na comhaltaí a bheith rannpháirteach agus gur laghdaíodh a roghanna chun idirghníomhú a dhéanamh; á thuiscint gurb iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na trí theanga oibre ach á chur i bhfios go láidir gur cheart aon cheann de na 24 theanga oifigiúla a sholáthar arna iarraidh sin do na Feisirí;

32. á iarraidh ar an Ard-Rúnaí, i gcomhthéacs ginearálta phaindéim COVID-19, ceangal a chur ar gach cuideachta sheachtrach a sholáthraíonn a gcuid seirbhísí sa Pharlaimint cearta fostaíochta agus dálaí oibre a bhfoirne a ráthú agus na bearta a ghlac an rialtas i gcomhthéacs na paindéime a chomhlíonadh go docht;
33. á chur in iúl gurb oth léi nach bhforáiltear don chianvótáil faoi láthair faoi Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte mura rud é go suíonn an tUachtarán go bhfuil imthosca neamhghnácha ann;
34. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon chóras ann chun a áirithiú gur féidir le Feisirí, atá as láthair go sealadach ar chúis a bhfuil údar cuí léi, leanúint dá bpríomhdhualgais a chomhlíonadh; á mheas gur fadhb í ar féidir leis tionchar diúltach a imirt ar ionadaíocht na saoránach sa Pharlaimint; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an baol ann go ndéanfar idirdhealú in aghaidh na bhFeisirí agus a gcuid vótálaithe i gcás nach bhforáiltear maidir leis na socruithe sin; á mheabhrú nach ionann an cás do chomhaltaí náisiúnta parlaiminte agus go bhfuil sé éagsúil ó Bhallstát go Ballstát; á iarraidh ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla sa Pharlaimint foráil a dhéanamh maidir le réitigh indéanta, atá teoranta go sealadach, d'Fheisirí atá as láthair ar chúiseanna bailí chun labhairt i ndíospóireachtaí agus vótáil, trí athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte agus ar Dhlí Toghcháin na hEorpa; ag meabhrú go bhfuil baint fós ag liúntais laethúla le láithreacht fhisiciúil ag áiteanna oibre na Parlaiminte;
35. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Parlaiminte, agus go háirithe rannpháirtíocht phearsanta an iar-Uachtaráin Sassoli maidir leis an gceist, mar léiriú ar an dlúthpháirtíocht, béilí agus cóiríocht a chur ar fáil go laethúil do mhná leochaileacha sna trí áit oibre, mar a chinn an Biúró; á chur in iúl gur geal léi an fíoras freisin go ndearna thart ar 65 thiománaí obair dheonach chun dochtúirí, altraí agus daoine eile den fhoireann leighis a thiomáint chuig sealanna oíche san ospidéal le linn na chéad bhliana de phaindéim COVID-19;
36. á chur in iúl gur geal léi an fíoras go ndearna an Pharlaimint maisc fabraice aghaidhe in-athúsáidte a dháileadh ar an bhfoireann ag tús phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire go raibh sé de cheangal ar dhaoine aghaidhmhaisc EN14683 nó feistí riospráide FFP2 a chaitheamh le linn dóibh a bheith i bhfoirgnimh na Parlaiminte chun cosaint na bhFeisirí agus na foirne a threisiú agus chun scaoileadh cáithníní riospráide ionfhabhtaíocha a laghdú tuilleadh;
37. ag moladh sheirbhísí na Parlaiminte as an gcinneadh atá déanta acu leanúint de bheith ag éascú preasagallaimh hibrídeacha tar éis na paindéime ós rud é gur féidir leis sin tuairisciú ar ghnóthaí Eorpacha a éascú d'iriseoirí nach bhfuil i láthair in Strasbourg ná sa Bhruiséil; ag moladh go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar shaoráidí closamhairc agus ar shaoráidí eile sa Bhruiséil, in Strasbourg agus in oifigí idirchaidrimh Parlaimint na hEorpa, lena n-áirítear trí acmhainneacht VoxBox a mhéadú agus trí na seomraí

preasagallaimh in Strasbourg agus sa Bhruiséil a nuachóiriú chun iad a dhéanamh níos oiriúnaí do phreasagallaimh hibrídeacha;

Lorg comhshaoil oibríochtaí na Parlaiminte

38. á chur i bhfáth go gcreideann sí gur gá don Pharlaimint a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca le modhanna oibre níos digití, níos solúbtha agus níos tíosaí ar fhuinneamh a ghlacadh agus cleachtais a chomhlíonadh, ag foghlaim ón taithí a fuarthas ó phaindéim COVID-19 agus ag baint leas as na hinfheistíochtaí sa teicneolaíocht atá curtha chun feidhme cheana féin; ag tabhairt dá haire, ar thionscnamh an iar-Uachtaráin Sassoli, gur phléigh fócasghrúpaí ar “Athmhachnamh ar Dhaonlathas Parlaiminteach – Parlaimint na hEorpa níos láidre tar éis Covid-19” todhchaí na hoibre sa Pharlaimint idir Aibreán agus Iúil 2021, i ndáil le gach ceann dá réimsí gníomhaíochta: suí iomlánach, sainphribhléidí parlaiminteacha, cumarsáid, taidhleoireacht sheachtrach agus eagrúchán inmheánach; ag tabhairt dá haire gur thíolaic na fócasghrúpaí tuarascáil deiridh lena n-áirítear moltaí. a ndéanfaidh an Biúró a gcur chun feidhme a phlé;
39. á iarraidh ar an bParlaimint athmheasúnú a dhéanamh ar na spriocanna atá aici maidir leis an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) le haghaidh 2023 i bhfianaise phaindéim COVID-19; ag athdhearbhú a hiarrata a plean reatha maidir le laghdú CO₂ a leasú chun carbóin-neodracht a bhaint amach trí mhodh a aithnítear go hidirnáisiúnta a úsáid i gcás ina bhfuil sé bailíochtaithe mar shampla, mar shásra maidir le Praghsáil Inmheánach Carbóin trína ndéanann cuideachtaí a lorg carbóin a phraghsáil go deonach agus, ar an gcaoi sin, luach a chur ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa;
40. ag tabhairt dá haire gur bronnadh deimhniú comhshaoil a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le hinbhuanaitheacht, Sármhaitheas BREEAM, ar thrí cinn d’fhoirgnimh na Parlaiminte sa Bhruiséil (Martens, Campoamor agus naíolann Wayenberg) le déanaí, lena ndeimhnítear beartas agus gníomhaíochtaí seanbhunaithe na Parlaiminte chun a punann foirgneamh a athrú de réir a chéile ina punann eiseamláireach ó thaobh an chomhshaoil de; ag tabhairt dá haire go bhfuil ceithre fhoirgneamh (an ceathrú cuid de líon iomlán na bhfoirgneamh – Spinelli, Campoamor, Arendt, Montoyer-Science) feistithe le grianphainéil faoi láthair agus gurb ionann an méid sin agus achar dromchla carnach níos lú ná 2 % de dhromchla iomlán de dhíonta na Parlaiminte sa Bhruiséil; ag tabhairt dá haire go geríochnófar trí cinn nua fótavoltacha (100 m² ar fhoirgneamh Montoyer 70, 200 m² ar fhoirgneamh Spinelli agus 52 m² in ionad na ngrianphainéal atá ann faoi láthair le cinn fhótavoltacha ar fhoirgneamh Brandt) faoi dheireadh 2022 (agus is ionann sin agus méadú 64 %, in 2022, ar an dromchla iomlán a bhfuil painéil fhótavoltacha feistithe air);
41. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon phainéil fhótavoltacha ar aon cheann d’fhoirgnimh na Parlaiminte in Strasbourg ó cuireadh béim ar mhodhanna níos éifeachtúla chun fuinneamh a shábháil, i.e. trí theaschaidéil nua sár-éifeachtúla a shuiteáil; ag tabhairt dá haire go bhfuil na staidéir féidearthachta ar ar bunaíodh an cinneadh gan grianphainéil a shuiteáil ar na díonta in Strasbourg ag dul siar go 2011 agus á athdhearbhú go bhfuil laghdú breis is 80 % tagtha ar phraghsanna na ngrianphainéal ó 2010; á iarraidh ar an mBiúró meastóireacht a dhéanamh ar phainéil fhótavoltacha a shuiteáil faoi 2023, agus indéantacht theicniúil agus éifeachtúlacht costais á gcur san áireamh;

42. á chur in iúl gur geal léi gur suiteáladh teaschaidéil agus córas comhghiniúna sna foirgnimh in Strasbourg agus sa Bhruiséil chun leictreachas agus teas in-athnuaite a tháirgeadh; á chur in iúl gur geal léi freisin gur tógadh foirgneamh nua ADENAUER i Lucsamburg trí úsáid a bhaint as na teicnící comhshaoil is nua-aimseartha atá ar fáil, lena n-áirítear fuinneamh geoteirmeach agus grianfhuinneamh agus lánúsáid sholas an lae; á iarraidh ar an bParlaimint méadú breise a dhéanamh ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite ina meascán fuinnimh agus, go háirithe, i dtáirgeadh fuinnimh agus deireadh a chur le húsáid breoslaí iontaise de réir a chéile agus a luaithe is féidir; á iarraidh ar an bParlaimint deimhnithe fuinnimh fhoirgnimh uile Pharlaimint na hEorpa a fhoilsiú;
43. á mheabhrú gur gné ríthábhachtach iad réitigh éifeachtúla soilsithe d'inhuanaitheacht foirgneamh; á chur in iúl gur geal léi go ndéantar meastóireacht ar shoilse ísealfuinnimh LED aon uair is féidir agus is indéanta i bhfoirgnimh na Parlaiminte; á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil gach oifig i dtrí áit oibre na Parlaiminte feistithe le brathadóirí gluaisne agus go ndealraíonn sé nach bhfuil na brathadóirí gluaisne i roinnt oifigí i bhfoirgneamh Spinelli ag obair; á iarraidh ar an bParlaimint a áirithiú go suiteálfar brathadóirí gluaisne atá ag feidhmiú go hiomlán aon áit is féidir chun an t-ídiú fuinnimh a laghdú;
44. á chur in iúl gur geal léi an fíoras go bhfuil an síneadh a cuireadh le naíolann Wayenberg, a cuireadh i gcrích i mí Mheán Fómhair 2020, ar an gcéad fhoirgneamh éighníomhach de chuid na Parlaiminte; á iarraidh ar an mBiúró staidéir theicniúla a thionscnamh in 2022 chun féidearthachtaí breise a shainiú chun an tomhaltas fuinnimh a laghdú tuilleadh agus chun táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus chun iad a chur chun feidhme a luaithe is féidir;
45. ag meabhrú gurb é iompar daoine is siocair le beagnach dhá thrion de lorg carbóin na Parlaiminte; á iarraidh go ndéanfaí machnamh ar an méadú ar theilea-obair dheonach go laethanta agus feidhmeanna níos mó, nuair is ábhartha agus ar choinníoll nach gcuirfidh sé isteach ar an obair pharlaiminteach; agus aird á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann le láithreachas fhisiciúil, á mheabhrú gur thug an Pharlaimint isteach meithleacha maidir leis an obair a bheidh ar siúl amach anseo ag an bParlaimint; á iarraidh ar an bParlaimint conclúidí na bhfócasghrúpaí a chur san áireamh; á iarraidh go dtabharfaí tús áite do mhodhanna iompair ísealcharbóin do mhisin, i gcás inarb iomchuí;
46. á chur in iúl gur geal léi an t-aistriú céimseach chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha i bhflít seirbhíse gluasteán na Parlaiminte; á iarraidh go mbeidh an flít seirbhíse iomlán leictreach faoi 2024 ar a dhéanaí;
47. á iarraidh go dtiocfadh méadú iomchuí ar líon na luchtairí feithiclí leictreacha i gcomhréir leis an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann go luath amach anseo; á iarraidh go gcuirfí spásanna breise páirceála rothar ar fáil; á iarraidh go gcruthófaí spásanna páirceála rothar lasta leordhóthanacha chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag tiománaithe rialta rothar ar ghnáthspásanna páirceála rothar;
48. ag tabhairt dá haire gurbh ionann cur amú bia na Parlaiminte agus 0,055-0,068 kg in aghaidh an bhéile arna riar idir 2018 agus 2020; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Parlaiminte ar an gcur amú bia a laghdú tríd an bhfuilleach a chruinniú agus a sheachadadh ar eagraíochtaí 'túslíne' a sheachadann ar dhaoine atá ina ghátar é; á iarraidh ar an bParlaimint leanúint de scrúdú a dhéanamh ar bhealaí leis an gcur amú bia a laghdú

tuilleadh;

49. á chur in iúl gur geal léi gur tugadh isteach rogha bia níos leithne agus níos inbhuanaithe, lena n-áirítear éagsúlacht níos mó táirgí feoilseántacha agus veigeánacha a thabhairt isteach, i gceaintíní na Parlaiminte; ag moladh go méadófaí éagsúlacht na mbéilí veigeatóracha agus veigeáin a chuirtear ar fáil i gceaintíní na Parlaiminte; á iarraidh, thairis sin, go mbeadh ar a laghad rogha amháin béile úr saor ó ghlútan ar fáil gach lá agus go dtaispeánfaí faisnéis ailléirge agus aiste bia go feiceálach ar na cártaí bia in aice leis na cuntair;
50. ag meabhrú gur in Strasbourg a bheidh suíomh na Parlaiminte, de réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Prótacal Uimh. 6 atá i gceangal leis na Conarthaí, agus is ansin a thionólfar na 12 tréimhse de sheisiúin iomlánacha mhíosúla, lena n-áirítear an seisiún buiséadach; ag meabhrú go dtacaíonn formhór mór na Parlaiminte le suíomh aonair chun caiteachas éifeachtúil airgead cháiniocóirí an Aontais a áirithiú agus chun an fhreagracht institiúideach atá uirthi laghdú a dhéanamh ar a lorg carbóin a ghlacadh chuici féin; ag tabhairt dá haire go n-éileodh athruithe buana athrú ar an gConradh; ag meabhrú gur iarradh roimhe seo i seisiún iomlánach na Parlaiminte go réachtálfaí díospóireacht ar an gceart atá aici a socruithe oibre féin a chinneadh agus gur gheall sí go dtionscnódh sí nós imeachta um ghnáth-athbhreithniú ar na Conarthaí faoi Airteagal 48 den Chonradh ar an Aontas Eorpach d'fhonn athruithe a mholadh a bheadh riachtanach don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus do Phrótacal 6 chun a fhágáil go bhféadfadh sí cinneadh a dhéanamh faoi shuíomh a ceanncheathrún agus faoina leagan amach inmheánach¹⁰;
51. ag athdhearbhú gur iarr sí ar an bParlaimint córas áirithinte ar líne soláimhsithe a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí cairr na Parlaiminte a úsáid chun taisteal go Strasbourg, ar córas é a bheadh le bheith oibríochtúil a luaithe a d'atosódh na seisiúin rialta in Strasbourg; á iarraidh freisin ar an bParlaimint an grúpa úsáideoirí a leathnú chun baill foirne, foireann na ngrúpaí agus APAnna a áireamh freisin gan ceangal a bheith ar na Feisirí iad a thionlacan;

Trédhearcacht agus eitic

52. á chur in iúl gur geal léi an fíoras go bhfuil na caighdeáin eiticiúla agus trédhearcachta is infheidhme maidir leis an bParlaimint chun tosaigh, ar go leor bealaí, ar na caighdeáin sin is infheidhme i gcoibhéisí na mBallstát; á mheas gur cheart don Pharlaimint a dícheall a dhéanamh dea-shampla a thabhairt maidir le caighdeáin eitice agus trédhearcachta uile-Eorpa a leagan síos; ag tacú le neartú na rialacha eiticiúla atá ann cheana trí threoir agus tacaíocht a thabhairt do na Feisirí;
53. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gurb amhlaidh, ó thús an 9ú téarma parlaiminteach, atá an bonneagar is gá a fhágann gur féidir leis na Feisirí cruinnithe sceidealta le hionadaithe leasmhara a phoibliú ar fáil ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte d'fhonn feabhas a chur ar an trédhearcacht; á iarraidh ar sheirbhísí na Parlaiminte an bonneagar a leathnú chun a fhágáil gur féidir le APAnna agus comhairleoirí beartais a gcuinnithe le hionadaithe leasmhara a fhoilsiú go deonach; ag meabhrú go gcuireann Riail 11 de na Rialacha Níos Imeachta d'oibleagáid ar rapóirtéirí, ar scáth-rapóirtéirí agus

¹⁰ Tuarascáil A7-0350/2013 ar fáil ag https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-7-2013-0350_EN.pdf

ar chathaoirligh na gcoistí a gcrúinnithe le hionadaithe sainleasa a fhoilsiú; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar inní di, gurb amhlaidh, amhail an 30 Aibreán 2021, nár phoibligh ach 380 Feisire as na 705 Fheisire reatha cruinniú amháin ar a laghad le hionadaí sainleasa ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte; ag tabhairt dá haire freisin nár fhoilsigh 10 gathaoirleach coiste as na 24 chathaoirleach ar an coistí cruinniú ar bith le hionadaí sainleasa, nó nár fhoilsigh siad ach aon chruinniú amháin le hionadaí sainleasa, ó thús an 9ú téarma parlaiminteach; ag meabhrú gur cheart an fhaisnéis, na fógraí meabhrúcháin agus na ríomhphoist faoin oibleagáid cruinnithe a fhoilsiú a sheoladh chuig na Feisirí uile ag eatraimh níos rialta;

54. ag meabhrú an fhreagra i scríbhinn ón bParlaimint dar dáta Aibreán 2020 ar an litir chomhpháirteach ón Idirghrúpa Frith-Éillithe, inar comhaontaíodh, go háirithe, roinnt athruithe ar an uirlis lena bhfoilsítear cruinnithe na bhFeisirí le hionadaithe sainleasa a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar a soláimhsitheacht, thar aon ní eile trína nascadh leis an gclár trédhearcachta agus leis an bhfaireachlann reachtach; á chur in iúl gur oth léi nár cuireadh na feabhsuithe praiticiúla sin chun feidhme go fóill; á iarraidh ar lucht riarachán na Parlaiminte an nasc sin a bhunú go héifeachtach a luaithe is indéanta gan constaicí praiticiúla míchuí;
55. á chur in iúl gur geal léi an fíoras gurb amhlaidh, le héifeacht ó Iúil 2021, a cuireadh comhaontú tríthaobhach nua, a bhfuil an Chomhairle rannpháirteach ann, in ionad chomhaontú idirinstiúideach 2011 maidir le clár trédhearcachta coiteann; ag tabhairt dá haire go bhfuil cáilíocht na n-iontrálacha maidir le gníomhaíochtaí na n-ionadaithe sainleasa sa Chlár Trédhearcachta ag dul i bhfeabhas le blianta beaga anuas, agus ag moladh, ainneoin acmhainní teoranta, ról na Comhrúnaíochta san fheabhsú sin; á chur in iúl gur oth léi, áfach, go bhfuil cáilíocht fhoriomlán na n-iontrálacha míshásúil i gcónaí, óir fionnadh i seiceáil na Rúnaíochta ar thart ar 40 % de na hiontrálacha le linn 2020 nach raibh cáilíocht na sonraí ina cáilíocht shásúil ach in 43 % de na hiontrálacha a seiceáladh, líon atá cosúil le líon 2019; á chur in iúl gur geal léi gur leithdháileadh 1.5 post coibhéiseach lánaimseartha (FTE) bhreise don Rúnaíocht; ag tathant ar an Rúnaíocht iad sin a úsáid chun líon na gclárúcháin ina bhfuil sonraí fo-optamacha a laghdú tuilleadh;
56. á chur in iúl go gcáineann sí go bhfuil Feisirí rannpháirteach i misin bhreathnadóireachta toghcháin neamhoifigiúla, chomh maith leis an gcaiteachas arna thabhtú ar na misin sin, á chreidiúint go gcuireann na misin sin clú na Parlaiminte i mbaol; ag tabhairt dá haire go raibh nasc idir ocht gcás den chineál sin in 2020 agus an Chrimé agus Veiniséala; á iarraidh ar an mBiúró agus ar an ngrúpa tacaíochta daonlathais agus comhordaithe toghcháin síneadh a chur le ré an choisc ar na Feisirí lena mbaineann ó mhisin bhreathnóireachta oifigiúla toghcháin a ghabháil de lámh ó bhliain amháin go dtí an sainordú iomlán, i gcás nach amhlaidh an cás cheana féin;
57. á iarraidh ar an bParlaimint liosta de na grúpaí cairdis go léir sa Pharlaimint a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin;
58. ag athdhearbhú go bhforáiltear le hAirteagal 4 den Chód Iompair, maidir le leasanna airgeadais agus coinbhleachtaí leasa, go soláthrófar, ar bhealach mionsonraithe, dearbhuithe na bhFeisirí maidir le leasanna airgeadais; á iarraidh an athuair ar an mBiúró athbheithniú a dhéanamh ar fhormaid na ndearbhuithe chun tuilleadh mionsonraí a éileamh agus ar an gcaoi sin chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar; á iarraidh ar an

Uachtarán a threorú do na seirbhísí seiceálacha críochnúla a dhéanamh go córasach ar na dearbhuithe chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear iontu mionsonraithe go leor chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann;

59. á mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta a bhaineann leis na Bearta Cur Chun Feidhme don Chód Iompair, nach nglacfaidh na Feisirí, agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, le haon bhronntanais nó sochair chomhchosúla, seachas iad siúd a bhfuil neasluach níos lú ná EUR 150 acu, agus go dtabharfar aon bhronntanas a thabharfar do na Feisirí nuair a bheidh siad ag déanamh ionadaíochta ar an bParlaimint i gcáil oifigiúil don Uachtarán; á thabhairt dá haire gur cheart don Aonad um Riarachán do na Feisirí a mheabhrú go minic do na Feisirí an oibleagáid fógra a thabhairt don Uachtarán maidir le bronntanas a fuarthas i gcáil oifigiúil a bheith faighte; á iarraidh ar an mBiúró foirm chaighdeánach a thabhairt isteach a bheidh le líonadh ag deireadh chuairteanna na dtoscaireachtaí go léir ó na Feisirí rannpháirteacha, á dhearbhú go bhfuair siad aon bhronntanais phearsanta nó aon bhronntanais toscaireachta agus a luach;
60. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuair an Pharlaimint, as na 459 bhFeisire den 8ú téarma parlaiminteach nár atoghadh in 2019, ach fógra amháin maidir le fostaíocht iar-shainordaithe de bhun Airteagal 6 den Chód Iompair; á chur i bhfios go bhféadfadh fógraí a bheith ina gcabhair chun coinbhleachtaí leasa a chosc, agus ag an am céanna cosc a chur ar iar-Fheisirí a ghabhann do ghníomhaíochtaí brústocaireachta gairmiúla nó gníomhaíochtaí ionadaíochta a bhfuil baint dhíreach acu le próiseas cinnteoireachta an Aontais tairbhe a bhaint as saoráidí arna ndeonú d'iar-Fheisirí; á iarraidh ar an bParlaimint, dá bhrí sin, cur chun feidhme an Chóid Iompair a fheabhsú, i ndáil leis sin, ag tarraingt aird ar rún 2019 ar urscaoileadh Parlaimint na hEorpa, ina n-iarrann an t-údarás um urscaoileadh go ndéanfaí measúnú neamhspleách ar cibé acu a chruthaíonn gníomhaíochtaí iar-shainordaithe na bhFeisirí coinbhleachtaí leasa nó nach gcruthaíonn; á iarraidh, arís eile, ar sheirbhísí na Parlaiminte an measúnú sin a dhéanamh;
61. ag cur in iúl gur gaeil léi tionscadal leanúnach sheirbhísí na Parlaiminte chun taifid vótála i suí iomlánach a chur ar fáil ar spás tiomnaithe ina mbeidh rochtain ag úsáideoirí ar dhóiciméid atá soiléir agus áisiúil don léitheoir, agus ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di an leagan amach nua do na vótaí le glaoch rolla ina bhfoilseofar taifead vótála aonair gach Feisire, lena dtabharfar an rogha chun dáileadh na vótaí a amharcléiriú de réir, *inter alia*, grúpchleamhnacht pholaitiúil agus/nó náisiúntachta; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil sé indéanta go teicniúil do sheirbhísí na Parlaiminte go bhféadfaí téacs gach leasaithe a thaispeáint chomh maith leis an taifead vótála mar go dtairgfídh roinnt soláthraithe príobháideacha é; á iarraidh ar sheirbhísí na Parlaiminte gach leasú agus gach taifead vótála le glaoch rolla a chur ar fáil; á iarraidh freisin ar na seirbhísí an fhaisnéis atá ar fáil a leathnú chun amchláir cothrom le dáta agus liostaí vótála a áireamh, lena n-áirítear na comhréitigh deiridh arna gcomhaontú ag an rapóirtéir agus ag an scáth-rapóirtéir, de réir na moltaí ón ngrúpa fócais maidir le sainchumais parlaiminteacha a neartú; á iarraidh ina theannta sin ar sheirbhísí na Parlaiminte deis a thabhairt do na Feisirí leagan beta den uirlis nua a thástáil agus aiseolas a thabhairt a bheidh le cur san áireamh le linn an uirlis a fhorbairt;
62. ag cur sonrú in 18 n-imscrúdú a rinne seirbhísí na Parlaiminte in 2020 ar mhí-úsáid

liúntas a raibh baint ag oifigí 12 Fheisire leo (i gcomparáid le 6 Fheisire roimhe sin), agus méideanna arb ionann iad agus EUR 1 318 000 curtha i mbaol (i gcomparáid le EUR 560 000 in 2019); ag moladh sheirbhísí na Parlaiminte as a gcuid imscrúduithe i ndáil leis sin, agus ag an am céanna á chur in iúl gur gá leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt líon agus cineálacha na gcásanna atá i gceist;

63. ag tabhairt dá haire nach raibh aon chásanna sceithireachta taifeadta ag an bParlaimint in 2020; á mheabhrú gur siar in 2016 a tharla na cásanna is déanaí den sceithireacht agus gur dífhostaíodh gach duine de na triúr cúntóirí parlaiminteach creidiúnaithe (CPCanna) lena mbaineann ina dhiaidh sin; á mheabhrú, i measc nithe eile, go bhfuil CPCanna leochaileach mar gheall ar a staid fostaíochta speisialta; á iarraidh ar an bParlaimint a rialacha inmheánacha féin atá sna Rialacháin Foirne a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1937¹¹ a oiriúnú go hiomlán, lena n-áirítear trí bhealaí slána tuairiscithe a bhunú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil cosaint chuí dlite do sceithirí, cosúil leis an gcosaint a bhíonn ag íospartaigh an chiaptha; á iarraidh ar an bParlaimint feasacht a ardú, nuair is féidir, i measc na foirne parlaimintí maidir leis an gcosaint atá ar fáil dóibh mar sceithirí;
64. ag tabhairt dá haire, agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di, na rialacha agus na hoibleagáidí doiléire a bhaineann le tréimhsí coinneála doiciméad do na Feisirí, go háirithe iad siúd a bhaineann le faisnéis phearsanta agus airgeadais chomh maith le faisnéis foirne; á iarraidh ar an mBiúró rialacha soiléire, sothuigthe agus ceangailteacha a bhunú lena gcuirfear san áireamh go cuí líon na ndoiciméad atá le stóráil agus modh coinneála na ndoiciméad sin; á chur in iúl go bhfuil go láidir nach mór do rialacha a bheith comhréireach, nár cheart dóibh maorlathas a mhéadú, agus gur cheart gur leor iad ó thaobh costais de; ag tabhairt dá haire go bhfuil gníomhaíochtaí cartlainne le maoiniú faoi na speansais liúntais chaiteachais ghinearálta;
65. á thabhairt chun suntais go sonraítear i gCinneadh 2018 ón mBiúró maidir leis an liúntas ginearálta caiteachais go gcoinneoidh an Biúró an cinneadh sin go dtí deireadh 2022 agus go ndéanfaidh sé é a mheas ar bhonn na taithí a fuarthas le linn an 9ú téarma parlaiminteach;

Foireann, cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe agus cúntóirí áitiúla

66. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur fhorghéas an Biúró, ag an gcruinniú a bhí aige an 5 Iúil 2021, leasú ar Airteagal 40 dá chinneadh an 14 Aibreán 2014 lena gcuirtear chun feidhme bearta le haghaidh Theideal VII de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh chun a chumasú CPCanna a íoc in euro, arna iarraidh sin dóibh, in aon bhanc laistigh den Aontas;
67. á mheabhrú nach bhforáiltear leis na rialacha atá ann faoi láthair maidir le Conradh a fhoirceannadh le haghaidh APAnna go bhféadfaí Conradh a fhoirceannadh trí 'toiliú frithpháirteach', rud a bheadh ina bhealach chun aitheantas a thabhairt don chaidreamh polaitiúil speisialta idir na Feisirí agus APAnna, i gcás nach ann don mhúinín fhrithpháirteach idir an dá pháirtí a thuilleadh, agus a d'fhéadfadh leas a bhaint as réiteach comhchoiteann gan an bonn a bhaint de chearta sóisialta na APAnna; á chur in iúl gurb

¹¹ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

oth léi go ndearnadh an iarraidh sin a áireamh i rúin urscaoilte éagsúla de chuid na Parlaiminte gan freagairt shásúil a fháil, agus go bhfuil sí ag súil go ndéanfar gníomh a luaithe is féidir;

68. ag athdhearbhú a héilimh ar son APAnna go bhfaighidís an liúntas cothaithe céanna leis an bpearsanra reachtúil dá misin chun freastal ar na páirtseisiúin in Strasbourg; ag aithint go mbeadh gá leis na rialacha is infheidhme a athbhreithniú mar thoradh ar aon athrú ar an gcreat dlíthiúil, eadhon an cinneadh ón mBiúró an 2 Deireadh Fómhair 2017, agus dá bhrí sin, á threorú don Ard-Rúnaí an iarraidh seo ar chinneadh a chur faoi bhráid an Bhiúró;
69. ag diúltú ceapachán éigeantach APAnna mar ionadaithe chun déileáil le húdaráis na Beilge chun cead cónaithe d'oiliúnaithe tríú tír in oifigí na bhFeisirí a phróiseáil; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú láithreach ar na rialacha is infheidhme ionas go ngabhfaidh an lucht riaracháin an fheidhm sin air féin;
70. á thabhairt chun suntais, ó lár mhí an Mhárta 2020, gur aistrigh lucht riaracháin na Parlaiminte ó scéim teilea-oibre ócáidí go scéim teilea-oibre a bhí á cur chun feidhme idir 70 % agus 100 %, ag brath ar an mbeart dianghlasála a bhí i bhfeidhm agus ar an ngá atá le láithreacht fhisiciúil;
71. ag cur sonrú in iarrachtaí na Parlaiminte agus an Choimisiúin araon a áirithiú go bhféadfaidh iar-APAnna ó thoscaireachtaí na Breataine cearta pinsin a fuarthas a aistriú chuig cistí pinsin sa Ríocht Aontaithe; á iarraidh ar an bParlaimint a áirithiú go dtiocfar ar réiteach;
72. á iarraidh ar an mBiúró córas a bhunú chun a cheadú do APAnna saoire gan phá a ghlacadh faoi rialacha atá cosúil leo siúd a chuirtear i bhfeidhm maidir le baill foirne shealadacha nó ar conradh, ar féidir leo suas le dhá mhí dhéag a ghlacadh le linn a ngairmréime;
73. á thabhairt dá haire go ndearna an Pharlaimint, i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna 2020, dhá shuirbhé ar fud na hinstitiúide i measc a ball foirne maidir leis an úsáid a bhainfear as teilea-obair amach anseo; á aithint gur léirigh torthaí an dá shuirbhé ardleibhéal sástachta foirne maidir le teilea-obair agus go nglacann baill foirne úsáid níos leithne as teilea-obair sa tréimhse iarphaindéime; á iarraidh, fad a bheidh na rioscaí ionfhabhtaithe le COVID-19 fós ard go réasúnta fiú i gcás daoine aonair vacsaínithe, ba cheart do bhaill foirne a bhaineann le grúpaí ardriosca, ar chruthúnas go bhfuil riocht orthu a chur ar fáil, an fhéidearthacht a choinneáil teilea-obair lánaimseartha a dhéanamh;
74. á chur in iúl go molann sí an Pharlaimint mar gur thug sí isteach réimse beart chun tacú le cothromaíocht oibre is saoil na foirne le linn na teilea-oibre leanúnachais gnó, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cúinsí pearsanta níos dúshlánaí acu; ag tabhairt dá haire go n-áirítear leis na bearta solúbthacht (ó thaobh ama oibre agus aschuir) do bhaill foirne a bhfuil staideanna teaghlaigh éilitheacha acu, an fhéidearthacht obair pháirtaimseartha a dhéanamh lasmuigh den áit fostaíochta do bhaill foirne a bhfuil gá leo chun aire a thabhairt do ghaolta díreacha, lena gceadaítear do chúramóirí leanaí faoi mhíchumas 50 % a bheith ag obair gan aon chailteanas comhfhreagrach ioncaim le linn na tréimhse ina raibh scoileanna agus saoráidí do leanaí faoi mhíchumas dúnta, agus maolú sealadach ar na Rialacháin Foirne chun ligean do bhaill foirne leochaileacha 100 % a chur ar a dtír

thionscnaimh; á iarraidh ar an bParlaimint a áirithiú go bhfuil an nós imeachta iarratais do na scéimeanna speisialta sin curtha in iúl go soiléir agus ceaptha ar bhealach chun moilleanna maidir le deonú na scéimeanna a sheachaint;

75. á chur in iúl gur díol sásaimh di an deis atá ann leis an gcinneadh ón Ardrúnaí an 31 Márta 2021 oibriú i bhfad ón áit fostaíochta; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, nach bhféadfaí é sin a dhéanamh ach amháin ar bhonn páirtaimseartha agus le laghdú comhfhreagrach ar an tuarastal; á chur in iúl gurb oth léi gur chuir an cinneadh sin iallach ar bhaill foirne agus APAnna an Bheilg a fhágáil ag an am sin. agus rogha a dhéanamh idir cailteanas ioncaim nó fillleadh ar áiteanna oibre na Parlaiminte, tráth a raibh díspreagadh láidir ann maidir le taisteal; ag tabhairt dá haire le teann sásaimh gur thug an Biúro aitheantas, an 17 Aibreán 2021, don fhíoras nach raibh an cinneadh sin fóna agus gur bhunaigh sé sraith critéar faoina mbeadh APAnna in ann teilea-obair a dhéanamh go lánaimseartha (lena n-áirítear riochtaí leighis, srianta taistil agus dúnadh teorann); ag tabhairt dá haire agus inní mhór uirthi go bhfuil méadú tagtha ar mhóthúcháin leithlisithe agus ar fhadhbanna meabhairshláinte na mball foirne mar gheall ar an oibleagáid atá ann maidir le teilea-obair ón áit fostaíochta le linn tréimhsí lán-dianghlasála, geall leis; á iarraidh ar an riarachán deireadh a chur leis an oibleagáid ar gach catagóir foirne, lena n-áirítear oiliúnaithe, amach anseo teilea-obair óna n-áit fostaíochta le linn tréimhsí eisceachtúla agus tréimhsí teoranta ama amhail tréimhsí lán-dianghlasála, geall leis, a bhí i bhfeidhm i gcodanna de 2020;
76. ag tabhairt dá haire go mbaineann roinnt mhaith buntáistí do bhaill foirne agus d'institiúidí araon leis an deis bhuan a chruthú do bhaill foirne ó áit ar bith, faoi choinníollacha a shonrófar, lena n-áirítear feabhas a chur ar fholláine na foirne agus cur le meallacht na Parlaiminte mar fhostóir, coigiltis airgeadais a rinneadh trí, inter alia, laghdú ar an ngá le spás oifige, tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol ó thimáistir foirne agus nasc níos dlúithe idir institiúidí an Aontais agus saoránaigh i mBallstáit seachas an Bheilg, an Fhrainc agus Lucsamburg; á iarraidh ar an bParlaimint dul i mbun plé idirinstiúideach d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh lena gcuirtear oibleagáid ar an bhfoireann teilea-obair a dhéanamh go heisiach óna n-áit fostaíochta i gcúinsí eisceachtúla, e.g. ar choinníoll go bhforghéillfear a liúntas easaoránaíochta go sealadach;
77. ag moladh, ar leibhéal na hArdrúnaíochta, thacaíocht na Parlaiminte do bhaill foirne trí na hacmhainní atá ann cheana a threisiú agus trí bhearta nua a chur i bhfeidhm, amhail dhá líne chabhrach, comhairliúcháin shíceolaíochta agus seisiúin ghrúpa, cúnaimh sóisialta, comhairleoireacht rúnda, agus líonra garchabhróirí meabhairshláinte; á chur in iúl gur díol sásaimh di an fíoras gur cuireadh tacar éagsúil tionscnamh múscailte feasachta agus acmhainní tacaíochta síceasóisialta ar fáil don bhaill foirne, lena n-áirítear ranganna aireachais ar líne saor in aisce do gach ball foirne ó mhí Dheireadh Fómhair 2020;
78. ag tabhairt dá haire gur chuir dhá ardstiúrthóireacht beartais shonracha i bhfeidhm lena gcruthaítear an ceart chun dícheangail agus rinne cúig AS eile feasacht na mbainisteoirí a mhúscailt maidir leis an gceart chun dícheangail; á iarraidh ar an bParlaimint treoirlínte a ghlacadh maidir leis an gceart chun dícheangail lena n-áirítear do gach catagóir foirne do gach ardstiúrthóireacht agus a áirithiú go gcuirfidh na hardstiúrthóireachtaí ar fad i bhfeidhm na treoirlínte sin;

79. á chur in iúl gur díol sásaimh di an méid atá bainte amach go dtí seo mar thoradh ar bheartas na Parlaiminte maidir le príomhshruthú inscne, maidir le comhionannas inscne a bhaint amach ar leibhéal na stiúrthóirí agus maidir le 41,9 % de na poist mar cheann aonaid a bheith ag mná; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí feabhas suntasach a dhéanamh ar leibhéal na n-ardstiúrthóirí, agus gan ach 23,1 % de na poist sin ag mná faoi láthair; á chur in iúl gur geal léi gur fhorghéas an Biúró spriocanna nua atá níos uailmhianaí an 13 Eanáir 2020 maidir le cothromaíocht inscne i bpoist shinsearacha agus mheánbhainistíochta i rúnaíocht na Parlaiminte atá le baint amach faoi 2024: 50 % de na cinn aonaid a bheith ina mná, le 50 % de stiúrthóirí bainear agus 40 % d'ardstiúrthóirí bainear; á athdhearbhú go bhfuil sé rithábachtach go dtabharfaí éisteacht d'ionadaithe foirne nuair a phléann an Biúró ábhair ghinearálta a dhéanann difear dá bheartas foirne, agus á iarraidh an athuair ar an Ard-Rúnaí na bearta iomchuí a dhéanamh chun an cur chuige lárnach sin a chur chun feidhme; á iarraidh an athuair ar an Ard-Rúnaí céimeanna breise a ghlacadh chun trédhearcacht agus cothroime a áirithiú le linn nósanna imeachta ceapacháin sinsearacha bainistíochta, go háirithe i bhfianaise bhreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Iúil 2021 i gcás T-670/19 *Carbajo Ferrero v Parlaimint na hEorpa*¹²; ag tabhairt dá haire go bhfuil teorainneacha ag gabháil leis an gceathrú mír d'Airteagal 3 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacháin Foirne maidir le rannpháirtíocht ionadaithe foirne i bpainéil roghnúcháin ardbhainistíochta; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí comhsheasmhacht a áirithiú maidir le foilseacháin sheachtracha na bpost bainistíochta sinsearaí agus dícheall maidir le foilsiú na bpost sin nuair a bheidh siad folamh;
80. á iarraidh an athuair ar an Ard-Rúnaí a áitiú go mbeadh an earcaíocht go léir bunaithe ar inniúlacht, agus urraim á tabhairt ag an am céanna don ghá atá le cothromaíocht gheografach na mBallstát uile a bhaint amach ar gach leibhéal foirne; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na deacrachtaí a bhaineann le náisiúntachtaí áirithe a earcú agus próifílí poist áirithe a thabhairt isteach go himmheánach; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh an fhostaíocht sa Pharlaimint chomh tarraingteach céanna do náisiúntachtaí uile an Aontais; á iarraidh ar an bParlaimint a hinniúlacht forrochtana féin a fhorbairt, agus é d'aidhm aici iarrthóirí ar ardchaighdeán atá de dhíth ar an bParlaimint a mhealladh chuig comórtais, i dtéarmaí próifíle, aoise, inscne agus náisiúntachta agus go háirithe ó thíortha atá faoi ghannionadaíocht;
81. ag moladh, i gcomhréir leis an bhfioras gur cuid lárnach de bheartas bainistithe acmhainní daonna na Parlaiminte é comhdheiseanna a chur chun cinn i gcónaí, go ndíreofaí níos mó ar chomhdheiseanna do chách, go háirithe líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ag obair i riarachán na Parlaiminte a mhéadú; ag tabhairt dá haire go bhfuil grúpa ardleibhéil maidir le comhionannas inscne agus éagsúlacht laistigh den Bhiúró cheana féin agus á iarraidh go ndéanfaidh sé staidéar ar bhearta éifeachtacha arna nglacadh sna Ballstáit agus go hidirnáisiúnta chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú san ionad oibre, lena n-áirítear bearta reachtacha; á iarraidh go dtuairisceodh an grúpa ardleibhéil ar ais chuig an mBiúró le moltaí nithiúla a luaithe a dhéanfar an staidéar agus a dhéanfar anailís ar na torthaí; á iarraidh go leagfaí síos spriocanna uailmhianacha mar ábhar práinne agus go mbainfí amach iad thar thréimhse

¹² Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 14 Iúil 2021, T-670/19, *Fernando Carbajo Ferrero v Parlaimint na hEorpa*, ECLI:EU:T:2021:435.

ghearr;

82. ag tabhairt dá haire gur cúis mhór inní di gur osclaíodh 17 gcás ciaptha nua in 2020; á chur i bhfáth go bhfuil gá fós le hiarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfidh an dá choiste chomhairleacha a bhíonn ag déileáil le gearáin maidir le ciapadh a bhaineann le Feisirí agus le gach ball foirne níos mó muiníne as íospartaigh ciaptha, ar a bhféadfadh a bheith eagla go mbeadh a ngairm nó a seasamh sa Pharlaimint i mbaol dá mbeadh orthu dul tríd an nós imeachta iomlán ciaptha, fianaise a bhailiú agus a gcás a thógáil; ag tathant ar an mBiúró agus ar an Rúnaíocht na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme mar a iarradh arís agus arís eile sna rúin maidir le ciapadh an 26 Deireadh Fómhair 2017 (217/2897 (RSP))¹³, an 28 Samhain 2019 (2019/2855 (RSP))¹⁴ agus an 10 Nollaig 2021 (2021/2986 (RSP))¹⁵, lena n-áirítear, go háirithe, torthaí iniúchóireachta seachtraí ar an struchtúr frithchiaptha atá ann faoi láthair a fhoilsiú agus oiliúint fhrithchiaptha a dhéanamh éigeantach do na Feisirí agus do na comhaltaí foirne uile, lena n-áirítear daoine a bhfuil róil bhainistíochta acu sna hardstiúrthóireachtaí agus sna grúpaí polaitiúla éagsúla;
83. á iarraidh ina theannta sin ar an bParlaimint a áirithiú nach mbíonn nósanna imeachta aisíocaíochta do chóireáil shíceolaíoch d'aon chás ciaptha rómhaorlathach agus go ndéanfar iad a phróiseáil go tapa;
84. á iarraidh ar an bParlaimint a áirithiú go gcuirfear pleananna oibre in iúl do bhail foirne atá i mbun sealoibre, lena n-áirítear go háirithe baill foirne san Ard-Stiúrthóireacht um Shlándaíl, i bhfad roimh ré agus go seachnófar modhnuithe ar ghearrfhógra nuair is féidir;
85. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur cuireadh an sciathán nua i gcrích ag creis Wayenberg; á chur in iúl gurb oth léi na hathruithe as a chéile agus na dúntaí faidreiseacha mar gheall ar an bprótacal inmheánach COVID-19 a cuireadh in iúl le fógra íosta agus gan am freagairt dó; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar phrótacail sláinte COVID-19 chun iad a chur i gcomhréir le prótacail náisiúnta agus chun a áirithiú go leanfar den tseirbhís thábhachtach sin a chur ar fáil a mhéid is féidir; á iarraidh ar Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra a áirithiú go ndéanfar athruithe i socruithe ama oibre na creise a thabhairt isteach agus a chur in iúl do thuismitheoirí in am trátha ionas go mbeidh siad in ann a gcuid oibleagáidí oibre a dhéanamh le líon íosta bristí; á iarraidh an athuair ar AS PERS suirbhé sástachta a dhéanamh i measc fhostaithe na creise agus tuismitheoirí na leanaí araon chun aiseolas ábhartha a fháil go rialta ar an soláthraí; ag tabhairt dá haire go ndéanfar glao nua ar thairiscintí maidir leis an mbainistíocht a dhéanfar amach anseo ar Chreis Wayenberg roimh shamhradh 2022; á iarraidh ar AS PERS cáilíocht seirbhísí an tsoláthraí reatha a leanúint go dlúth, ionas go bhfanfaidh siad ar an leibhéal céanna go dtí dáta éaga a gconartha agus an rud céanna a dhéanamh i ndáil le seirbhísí an tsoláthraí nua, lena gcoinneofaí na hoibrithe reatha agus lena seachnófaí an baol do leanaí mar gheall ar láimhdeachas foirne; á iarraidh go ndéanfaí faireachán leanúnach chun a áirithiú go dtairgfídh an soláthraí nua dálaí maithe oibre a chabhraíonn le pearsanra d'ardchaighdeán a choinneáil;

¹³ https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2017-0417_EN.html

¹⁴ https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2019-0080_EN.html

¹⁵ https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/B-9-2021-0587_EN.html

86. á iarraidh go gcuirfí cláir ama foirne na Parlaiminte san áireamh chun uaireanta oscailte an seomra aclaíochta a oiriúnú chun seirbhís a sholáthar lasmuigh de bhuaic-uaireanta oibre;
87. á chur in iúl gur díol sásaimh di iarrachtaí na Parlaiminte béilí dlúthpháirtíochta laethúla a sholáthar a chabhraigh chun an tionchar airgeadais, eacnamaíoch agus sóisialta ar a lónadóirí agus ar a bhfostaithe a laghdú; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Pharlaimint ag iarraidh a oiread post agus is féidir a shábháil atá réasúnta ó thaobh na fostaíochta de ach a bhfuil údar leo freisin i gcomhthéacs úsáid chuí bhuiséad na Parlaiminte;

Beartas tógála

88. á mheabhrú gur lean an riarachán ar aghaidh le cur chun feidhme Straitéis na Parlaiminte “Straitéis Tógála Tar Éis 2019” i rith 2020, mar a d’fhormhuinigh an Biúró i mí Aibreáin 2018; ag tabhairt dá haire go bhformhuinítear leis an straitéis foirgníochta seo solúbthacht mar phríomhphrionsabal chun oifigí a leithdháileadh ar Fheisirí agus ar bhaill foirne araon agus go gceadaítear an spás atá ar fáil a úsáid ar bhealach inchoigeartaithe agus ag an am céanna oiriúnú do gach cás a d’fhéadfadh a bheith ann sa tréimhse iar-COVID-19;
89. ag tabhairt dá haire gur ar an 24 Deireadh Fómhair 2017 a rinne na Caestóirí an cinneadh deireadh a chur le huisce te a dháileadh in oifigí na bhFeisirí sa Bhruiséil agus in Strasbourg i ndáil leis an mbaol don tsláinte a eascraíonn as baictéir dhíobhálacha legionella a bheith ann laistighde chórais hidrálacha na bhfoirgneamh atá ag dul in aois agus in olcas; á chur i bhfáth go bhfuil an comhrac i gcoinne an bhaictéir *Legionella* ar cheann de na tascanna is tábhachtaí i réimse na cóireála uisce agus an dífhabhtaithe; á iarraidh ar an Rúnaíocht staidéar domhain a iarraidh chun teacht ar réitigh leordhóthanacha ar an tsaincheist sheanbhunaithe seo;
90. ag tacú le go mbeadh díospóireacht ann maidir le riachtanais spáis na Parlaiminte i bhfianaise éifeachtaí phaindéim COVID-19, an méadú atá ann faoi láthair agus an méadú a thiochfaidh ar theilea-obair amach anseo agus, más iomchuí, go n-oiriúnófaí a straitéis fhadtéarmach tógála; ag moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar an mbeartas tógála féachaint an bhfuil gá fós le spás tiomnaithe oifige do gach ball foirne, mar go bhféadfadh sé go mbeadh sábháil spáis oifige mar thoradh ar athrú; ag moladh don riarachán stáisiúin oibre a chomhthiomsú a mhéid is féidir i gcomhréir le teilea-oibre na foirne, agus ag an am céanna leanúint de spás oifige a ráthú do gach ball foirne a iarrann amhlaidh; á chur i bhfios, ina theannta sin, gur cheart aird a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith ann ar shláinte agus ar shástacht na foirne i gceachtas amhail spásanna oscailte, spásanna comhoibríocha agus ‘úsáid deasca sealaíochta’; ag meabhrú na hoibre atá déanta ag na fócasghrúpaí agus ag an meitheal maidir le foirgnimh agus á iarraidh orthu a bheith rannpháirteach sa díospóireacht sin; á iarraidh ar an mBiúró na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun na moltaí ó Fhócasghrúpa 5 a chur chun feidhme, go háirithe maidir le seomraí cruinnithe neamhfhoirmiúla a chruthú, seomraí fisichomhdhála ilfheidhmeacha agus feabhsaithe a chruthú i gcomhréir le beartas comhshaoil na Parlaiminte;
91. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an cleachtas ollastrithe tar éis breis agus EUR 100 milliún in íocaíochtaí úis le blianta beaga anuas a spáráil agus dá bhrí sin gurb ionann é

agus dea-chleachtas maidir le húsáid airgead na gcáiníocóirí in institiúidí poiblí; á mholadh don Bhiúró línte breise buiséid a shainaitint a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as an gcleachtas sin; ag tabhairt dá haire gur chabhraigh an cleachtas sin le cosc a chur ar na cistí atá fágtha a chaitheamh ar chostais neamhriachtanacha ag deireadh na bliana; á mheabhrú go dtacaíonn an t-ollaistriú le straitéis fhadtéarmach tógála foirgneamh na Parlaiminte seachas iad a fháil ar cíós; á mheabhrú gur chuir an *ramassage* ar chumas na Parlaiminte foirgneamh Scholl a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis a cheannach in 2020 agus an praghas ceannaigh iomlán a íoc in aon idirbheart amháin, rud a sheachain tuilleadh costas maoinithe;

92. ag tabhairt dá haire gur cuid thábhachtach de straitéis tógála na Parlaiminte an tionscadal tógála Adenauer, a thugann seirbhísí uile na Parlaiminte atá ag oibriú i Lucsamburg faoin aon díon amháin; ag tabhairt faoi deara gur cuireadh an chéad chuid den tionscadal seo (an Sciathán Thoir) i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus go bhfuil oibreacha á ndéanamh chun an chuid dheireanach – an Sciathán Thiar – a thógáil; á chur i bhfios go láidir gur údaraigh an Coiste um Buiséid in 2020 aistriú ‘fuilleach’ do réamh-mhaoiniú an tionscadail, agus gurb ionann tuairim is EUR 63.35 milliún agus an chuid den aistriú sin atá tiomnaithe d'fhoirgneamh Adenauer nua;
93. á mheabhrú, maidir le foirgneamh Scholl a fháil, ag an gcruinniú a bhí aige an 5 Deireadh Fómhair 2020, gur fhorghas an Biúró go seolfáí sirtheoireacht áitiúil sa mhargadh maoin sa Bhruiséil agus go raibh malartú tuairimí ag an gCoiste um Buiséid maidir leis an ábhar sin ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Deireadh Fómhair 2020 i gcomhthéacs na faisnéise luaithe;
94. á chur in iúl go dtuigeann sí go rabhthas in ann céim eile de straitéis tógála na Parlaiminte a chur i gcrích sa Bhruiséil leis an gcinneadh foirgneamh Scholl a cheannach in 2020, agus go ndéanfaidh sé eastát réadach na Parlaiminte a chomhdhlúthú tuilleadh, ar bonn taca é d'idirnascacht na bhfoirgneamh lárnach agus go rannchuideoidh sé le slándáil níos fearr; á chur i bhfáth go raibh an ceannach sin faoi réir aistriú fuilleach freisin, agus úsáid á baint as na hacmhainní airgeadais a sábháladh le linn 2020, *inter alia*, trí chostais taistil laghdaithe, arb ionann é agus EUR 74.9 milliún;
95. ag tabhairt dá haire gur cúis inní di praghas ceannaigh i bhfad ró-ard fhoirgneamh Scholl, a ceannaíodh ag 74.9 milliún EUR, agus gur measadh go raibh praghas an mhargaidh ar an bhfoirgneamh roimhe sin idir EUR 42 milliún agus EUR 65 milliún; ag tabhairt dá haire gur cheart anailís a dhéanamh ar an difríocht idir praghas ceannaigh agus meastachán an tsaineolaí sheachtraigh i gcomparáid leis an gcás nach mbeadh an foirgneamh faighte ag an bParlaimint agus go mbeadh infheistíochtaí a réadaíodh cheana cailte aici; ag tabhairt dá haire nár áiríodh clásal scoir sa chonradh cearta úsáide a shínigh an Pharlaimint in 2009, rud a d'fhág go raibh ar an bParlaimint an méid iomlán a íoc don tréimhse chonarthaigh a bhí fágtha (~ EUR 24 mhilliún), fiú mura raibh an foirgneamh faighte aici;
96. ag tabhairt chun suntais, sa Bhruiséil, nach punann de chuid na Parlaiminte iad foirgnimh áirithe atá ar áitiú faoi láthair ag an bParlaimint nó ar díol mór spéise straitéisí iad mar gheall ar an áit ina bhfuil siad agus na gnéithe slándála gaolmhara, mar a tharla i gcás fhoirgneamh Scholl sula bhfuarthas é; ag tabhairt dá haire go leagtar béim, le Straitéis Foirgníochta na Parlaiminte 2019, ar an tábhacht a bhaineann le seilbh a bheith ar

